Ardú ar Chostas Amh-ola

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin ardú atá tagtha ar chostas amh-ola. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

An bhfuil carr agat?

Cé mhéad a chosnaíonn lítear peitril ar an meán?

Cé mhéad a chosnaíonn lítear díosail ar an meán?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Polasaí_____Factors
Rialtas _____Crude oil
Breosla_____Duty
Ag teannadh_____Policy
Amh-ola_____Government
Táille_____Fuel
Meán_____Luach
Value_____Heading towards
Tosca_____Fee
Dleacht_____Average

Ceist 3 Anois féach ar an mír don dara uair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cad is cúis le táillí breosla cairr a bheith chomh hard, dar leis an AA?
2. Cén post atá ag Ruairí Mór Ó Conchubhair?
3. Cén coir atá ag eirí níos coitianta de bharr an praghas a bheith ag árdú?
4. Cé mhéad cánach a fhaigheann an Rialtas ar gach lítear, dar le Ruairí Mór Ó Conchuabhair?
5. Tá 19 cent de dhleacht gearrtha ag an Rialtas ar an bpeitreal le cé mhéad bliain anuas?

Ceist 4 Abair cén fáth a luaitear na praghasanna sa bhosca thíos.

1. 150 cent _____

2. $100 _____

3. 146 cent _____

4. 139 cent _____

5. 80 cent _____

6. 19 cent _____

Ceist 5 **'***Mí Dheireadh Fómhair*'

Scríobh amach míonna na bliana leis an bhfocal 'mí' rompu. Déan pé athrú is gá.

Eanáir _____

Feabhra _____

Márta _____

Aibreán _____

Bealtaine _____

Meitheamh _____

Iúil _____

Lúnasa _____

Meán Fómhair _____

Deireadh Fómhair _____

Samhain _____

Nollaig _____

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Ba cheart go mbeadh costas ard ar bhreosla cairr chun córas iompair poiblí a chur chun cinn agus an timpeallacht a shábháil'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Polasaí	**Policy**
Rialtas	**Government**
Breosla	**Fuel**
Ag teannadh	**Approaching**
Amh-ola	**Crude oil**
Táille	**Fee**
Meán	**Average**
Value	**Luach**
Tosca	**Factors**
Dleacht	**Duty**

Ceist 3

1. Polasaí Rialtais is cúis le táillí arda breosla cairr, dar leis an AA.

2. Is tiománaí hacnaí é Ruairí Mór Ó Conchuabhair.

3. Tá líon na ndaoine a imíonn gan íoc as a bpeitreal ag ardú.

4. Faigheann an Rialtas os cionn 80 cent ar gach lítear peitril, dar le Ruairí Mór Ó Conchuabhair.

5. Tá 19 cent an lítear gearrtha ag an Rialtas ar pheitreal le dhá bhliain anuas.

Ceist 4

1. 150 cent ***Tá costas an pheitril ag teannadh le 150 cent an lítear***

2. $100 ***Bhí $100 ar bhairille amh-ola ar mhargaí Londain tráthnóna***

3. 146 cent ***Meánluach atá á ghearradh ar lítear peitril ar fud an stáit***

4. 139 cent ***Gar do mheánluach atá á ghearradh ar lítear díosail ar fud an stáit***

5. 80 cent ***An méid cánach a fhaigheann an rialtas ar gach lítear peitril***

6. 19 cent ***An dleacht atá curtha ag an Rialtas ar pheitreal le dhá bhliain anuas***

Ceist 5

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh.

Éimear Ní Chonaola
Deir cumann na gcarranna an AA gur polasaí rialtais agus ní tada eile is cúis le costas breosla cairr a bheith chomh hard is atá faoi láthair. Tá costas peitril ag teannadh le 150 cent an lítear agus níos daoire a gheobhaidh sé. Bhí céad dollar an bairille ar amh-ola Brent ar mhargaí Londain tráthnóna, an costas is airde le dhá bhliain anuas.

Sorcha Ní Mhonacháin
Tá seirbhís hacnaí ag Ruairí Mór Ó Conchubhair i gceantar Indreabhán i gContae na Gaillimhe. Tá an t-ardú i gcostas na hartola agus an díosail le cúpla mí anuas ag goilleadh[1] go mór ar a ghnó[2].

Ruairí Mór Ó Conchubhair
'Sé an táille chéanna atá muide[3] ag baint amach is a bhí muid ag baint amach dhá bhliain ó shin ón Spidéal go Gaillimh, agus ní féidir linn é a chur suas. Má chuirimid suas é caillfidh muid na custaiméirí.

Sorcha Ní Mhonacháin
146 cent an meánluach atá á ghearradh ar lítear peitril agus chóir a bheith[4] 139 ar lítear díosail ar fud an stáit. Tá an líon daoine a imíonn gan díol as a gcuid breosla ag dul i méid.

Brídín Ní Chéidigh
Déanann daoine dearmad go hiondúil ach tá cúpla duine nach ndéanann, mar sin[5] caithfear dul ina ndiaidh sin. An bhfuil sé sin ag éirí níos coitianta? Tá, ó roimh an Nollaig[6], ceapaim féin go bhfuil níos mó de sin ag tarlú.

Sorcha Ní Mhonacháin
Agus is chun daoire sin rachaidh sé. Bhí céad dollar ar an bhairille ar amh-ola Brent ar mhargaí Londain tráthnóna, an costas is airde ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2008 ann. Ach ní léir go nglacann an pobal uile[7] leis gur tosca[8] idirnáisiúnta amháin is cúis leis an chostas ard an tanc a líonadh.

Ruairí Mór Ó Conchubhair
Tá go leor dó le dul ar an rialtas[9], an dtuigeann tú, mar tá siadsan ag tógáil cáin[10] aisteach os cionn 80 cent ar an lítear den díosal.

Sorcha Ní Mhonacháin
Deir cumann na gcarranna an AA go bhfuil dleacht de 19 cent an lítear gearrtha ag an Rialtas ar pheitreal le dhá bhliain anuas agus gur sin, seachas rud ar bith eile, is cúis leis an ardú.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4, in Indreabhán, i gContae na Gaillimhe

---

[1] Ag goillscint a deirtear
[2] Ar a ghnóithe a deirtear
[3] Sinn a úsáidtear sa chaighdeán ach úsáidtear muid go coitianta
[4] Ciallaíonn sé 'beagnach' i nGaeilge Thír Chonaill
[5] So a deirtear
[6] roimh na Nollag deirtear
[7] Uilig a deirtear sa mhír
[8] Toscaí a deirtear ach is é tosca foirm an iolra.
[9] Ar an ngovernment deirtear!
[10] Cánach a deirtear